



Creat Foghlama Digití

Leideanna Grúpa Fócais do Mhúinteoirí

Caighdeán 3.2: Roghnaíonn agus úsáideann an múinteoir cleachtais maidir le pleanáil, ullmhú agus measúnú a chuireann foghlaim na ndaltaí chun cinn.

- Cén chaoi a úsáideann tú uirlisí digiteacha agus ceachtanna á bpleanáil nó á n-ullmhú agat?
- Céard iad na bealaí ar a raibh tionchar ag ardáin dhigiteacha ar do straitéisí measúnaithe?
- Cén chaoi a úsáideann tú obair dhigiteach daltaí nó sonraí daltaí chun eolas a dhéanamh do do theagasc agus do phleanáil?
- Ar mhiste leat sampla a chomhroinnt linn ar úsáid rathúil na teicneolaíochta le haghaidh measúnaithe nó chun aiseolas a chur ar fáil?

